## Clár Forbartha Tuaithe LEADER 2014-2020
## Glao ar 'Léirithe Spéise' le haghaidh Cúnaimh Deontais €950,000

Tá Forbairt Áitiúil Loch Garman ag cur fáilte roimh Léirithe Leasa ó ghrúpaí pobail atá ag lorg cúnaimh deontais LEADER.

| Cineálacha Tionscadail Incháilithe | Buiséad atá ar Fáil |
|---|---|
| • Cuidiú le pobail & bailte áitiúla a bheith ina dtimpeallachtaí níos tarraingtí le cónaí iontu | €596,000 |
| • Rochtain mhéadaithe ar raon áiseanna sóisialta agus áineasa ar ardchaighdeán | €279,000 |
| • Cabhrú le daoine óga barr a gcumas a bhaint amach trí áiseanna don aos óg a fhorbairt | €75,000 |

Ní mór d'iarrthóirí próiseas iarratais dhá chéim a chomhlánú:

- Céim 1: Foirm "Léirithe Spéise" a chomhlánú agus a sheoladh isteach, rud a chinnfidh cibé a gcomhlíonann an togra cuspóirí Straitéis Fhorbairt Áitiúil Loch Garman agus a gcomhlíonann sé Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER nó nach gcomhlíonann.
- Céim 2: Tabharfar cuireadh d'iarratasóirí a n-éiríonn leo ag Céim 1 iarratas iomlán a chur isteach le costais mhionshonraithe, plean forbartha pobail agus doiciméadú gaolmhar de réir mar is gá.

Tabhair ar aird le do thoil: Ní ráthaíonn cuireadh chun céim iarratais go dtabharfar cúnamh deontais do thionscadal, mar is próiseas iomaíoch é. €150,000 an cúnamh deontais uasta a thabharfar d'aon tionscadal aonair.

**Tá foirmeacha Léirithe Spéise (EOI) ar fáil le híoslódáil ó www.wld.ie/leader.**
**12 meán lae, Déardaoin an 7 Feabhra an spriocdháta le haghaidh foirmeacha EOI comhlánaithe, sínithe agus dátaithe.**

Seol ríomhphost chuig leader@wld.ie nó téigh chuig www.wld.ie/leader chun tuilleadh eolais a fháil.

Funded by the Department of Rural & Community Development

The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union